# ÉIRE.

---

**SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 1940.**

**BILLE UM AN DARA LEASU AR AN mBUNREACHT, 1940.**

---

*As amended in Committee.*
*Mar do leasuíodh i gCoiste.*

[No. 40*a* of 1940.]

# ÉIRE.

---

**SECOND AMENDMENT OF THE CONSTITUTION BILL, 1940.**

---

*As amended in Committee.*

---

ARRANGEMENT OF SECTIONS.


Section.

1. Enactment of the amendments in the Schedule.
2. Citation.

SCHEDULE.

PARTICULARS OF AMENDMENTS.


---

# BILL

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is provided by Article 51 of the Constitution that any of the provisions of the Constitution may, subject as hereinafter provided, be amended by the Oireachtas within a period of three years after the date on which the first President shall have entered upon his office:

AND WHEREAS the first President entered upon his office on the 25th day of June, 1938:

AND WHEREAS experience has shown that certain amendments of the Constitution are desirable:

AND WHEREAS it is therefore proposed that the several amendments of the Irish text and the English text respectively of the Constitution which are set out in the Schedule to this Act should be made by the Oireachtas:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS FOLLOWS:—

**Enactment of the amendments in the Schedule.**

1.—Upon the passing of this Act the several amendments of the Irish text and the English text respectively of the Constitution which are specified in the Schedule to this Act shall forthwith become and be effective and, for that purpose, every Article of the Constitution mentioned in the second column of the said Schedule shall—

(*a*) as respects the Irish text thereof, be amended in the manner stated in the third column of the said Schedule

# ÉIRE.

**BILLE UM AN DARA LEASU AR AN mBUNREACHT, 1940.**

*Mar do leasuíodh i gCoiste.*

RIAR NA nALT.


Alt.
1. Na leasuithe sa Sceideal d'achtú.
2. Luadh.


SCEIDEAL.

NA LEASUITHE.

# BILLE

*dá ngairmtear*

ACHT CHUN AN BUNREACHT DO LEASU.

DE BHRI gur cead, de bhuadh Airteagail 46 den Bhunreacht, foráileamh ar bith den Bhunreacht do leasú ar an modh socruítear leis an Airteagal san:

AGUS DE BHRI go socruítear le hAirteagal 51 den Bhunreacht go dtig leis an Oireachtas, taobh istigh de thrí bliana tar éis an lae rachas an chéad Uachtarán i gcúram a oifige agus fé chuimsiú na nithe atá leagtha amach ansan ina dhiaidh sin, leasú do dhéanamh ar aon fhoráiltibh den Bhunreacht:

AGUS DE BHRI go ndeachaidh an chéad Uachtarán i gcúram a oifige an 25adh lá de Mheitheamh, 1938:

AGUS DE BHRI gur léir de thoradh taithighe gur mhaith an rud leasuithe áirithe do dhéanamh ar an mBunreacht:

AGUS DE BHRI go bhfuil beartuithe ar an abhar san an tOireachtas do dhéanamh na leasuithe uile agus fé seach atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis an Acht so ar théacs Ghaedhilge an Bhunreachta agus ar théacs Bhéarla an Bhunreachta fé seach:

ACHTUIGHEADH AN tOIREACHTAS AR AN ABHAR SAN MAR LEANAS:—

Na leasuithe sa Sceideal d'achtú.

**1.**—Na leasuithe uile agus fé seach, ar théacs Ghaedhilge an Bhunreachta agus ar théacs Bhéarla an Bhunreachta fé seach, a luaidhtear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht so, tiocfaid láithreach chun bheith agus beid éifeachtúil ar an Acht so do rith agus, chuige sin, beidh gach Airteagal den Bhunreacht a luaidhtear sa dara colún den Sceideal san leasuithe ansan—

(*a*) maidir le n-a théacs Gaedhilge, ar an modh adeirtear sa tríú colún den Sceideal san os coinne an luaidhte, no

opposite the mention, or each of the several mentions, of the Article in the said second column, and

(*b*) as respects the English text thereof, be amended in the manner stated in the fourth column of the said Schedule opposite the mention, or each of the several mentions, of the Article in the said second column.

Citation.

**2.**—(1) The several amendments of the Constitution effected by this Act shall be collectively known as and may for all purposes be collectively referred to as the Second Amendment of the Constitution, and any particular one of those amendments may, for purposes of identification, be referred to by the number in the first column of the Schedule to this Act opposite the statement of such amendment in the other columns of the said Schedule.

(2) This Act may be cited as the Second Amendment of the Constitution Act, 1941.

## SCHEDULE.

### Particulars of Amendments.

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
|---|---|---|---|
| 1. | Article 11 | The deletion of the word "fagháltas" and the insertion, in its place, of the word "cíos". | No corresponding amendment. |
| 2. | Article 12 | In sub-section 3° of section 3, the deletion of the words "nó má éagann, nó má éirgheann as, nó má ghabhann míthreoir bhuan é agus go suidhfear sin mar adubhradh" and the insertion in their place of the words and brackets "nó má thárluigheann dó (roimh é do dhul i gcúram a oifige nó dá éis sin) é d'éag nó é d'éirghe as nó míthreoir bhuan ar n-a suidheamh mar adubhradh dá ghabháil". | In sub-section 3° of section 3, the insertion of the words and brackets "(whether occurring before or after he enters upon his office)" immediately after the words "as aforesaid". |
| 3. | Article 13 | In sub-section 1° of section 7, the deletion of the word "chun" and the insertion in its place of the words "fá bhrágh-aid Tighthe" and, in sub-section 2° of the said section 7, the deletion of the word "teachtaireacht" and the insertion, in its place, of the word "aitheasc". | No corresponding amendment. |
| 4. | Article 14 | The deletion of the words "leis an mBunreacht so" where they occur in section 1, in section 4, and in sub-section 1° of section 5, and the insertion in each case of the words "leis an mBunreacht so nó fé" in the place of the said deleted words; and the deletion of the words "do réir an Bhunreachta so" in sub-section 2° of section 5 and the insertion in their place of the words "do réir an Bhunreachta so nó fé". | The deletion of the words "by this Constitution" where they occur in section 1, in section 4, in sub-section 1° of section 5, and in sub-section 2° of section 5, and the insertion in each case of the words "by or under this Constitution" in the place of the said deleted words. |

gach cinn fé leith de sna luaidhte uile, deintear ar an Airteagal sa dara colún san, agus

(*b*) maidir le n-a théacs Béarla, ar an modh adeirtear sa cheathrú colún den Sceideal san os coinne an luaidhte, no gach cinn fé leith de sna luaidhte uile, deintear ar an Airteagal sa dara colún san.

**2.**—(1) An Dara Leasú ar an mBunreacht do bhéarfar ar na leasuithe uile le chéile a deintear ar an mBunreacht leis an Acht so agus is cead, chun gach críche, an ainm sin do ghairm de sna leasuithe sin le chéile, agus is cead, chun crícheanna aitheantais, tagairt d'aon leasú áirithe aca tríd an uimhir do luadh atá sa chéad cholún den Sceideal a ghabhann leis an Acht so os coinne an luaidhte deintear ar an leasú san sna colúin eile den Sceideal san. Luadh.

(2) Féadfar an tAcht um an Dara Leasú ar an mBunreacht, 1941, do ghairm den Acht so.

## SCEIDEAL.

### NA LEASUITHE.

| Uimh. Thag. | An tAirteagal a leasuítear | An leasú deintear ar an téacs Ghaedhilge | An leasú deintear ar an téacs Bhéarla |
|---|---|---|---|
| 1. | Airteagal 11 | An focal "fagháltas" do scriosadh agus an focal "cíos" do chur ina ionad. | Níl aon leasú có-ré[illegible] le déanamh. |
| 2. | Airteagal 12 | Na focail "nó má éagann, nó má éirgheann as, nó má ghabhann míthreoir bhuan é agus go suidhfear sin mar adubhradh" do scriosadh as fo-alt 3° d'alt 3 agus na focail agus na lúibíní "nó má thárluigheann dó (roimh é do dhul i gcúram a oifige nó dá éis sin) é d'éag nó é d'éirghe as nó míthreoir bhuan ar n-a suidheamh mar adubhradh dá ghabháil" do chur ina n-ionad. | Na focail agus na lúibín "(whether occurring before or after he enters upon his office)" do chur isteach i bhfo-alt 3° d'alt 3 díreach i ndiaidh na bhfocal "as aforesaid". |
| 3. | Airteagal 13 | An focal "chun" do scriosadh as fo-alt 1° d'alt 7 agus na focail "fá bhrághaid Tighthe" do chur ina ionad, agus an focal "teachtaireacht" do scriosadh as fo-alt 2° den alt san 7 agus an focal "aitheasc" do chur ina ionad. | Níl aon leasú có-réire le déanamh. |
| 4. | Airteagal 14 | Na focail "leis an mBunreacht so" do scriosadh as na háiteanna ina bhfuilid in alt 1, in alt 4, agus i bhfo-alt 1° d'alt 5, agus na focail "leis an mBunreacht so nó fé" do chur, i ngach cás, in ionad na bhfocal san a scriostar; agus fós na focail "do réir an Bhunreachta so" do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 5, agus na focail "do réir an Bhunreachta so nó fé" do chur ina n-ionad. | Na focail "by this Constitution" do scriosadh as na háiteanna ina bhfuilid in alt 1, in alt 4, i bhfo-alt 1° d'alt 5, agus i bhfo-alt 2° d'alt 5, agus na focail "by or under this Constitution" do chur, i ngach cás, in ionad na bhfocal san a scriostar. |

SCHEDULE.

PARTICULARS OF AMENDMENTS.—*continued.*

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
|---|---|---|---|
| 5. | Article 15 | In section 15, the deletion of the words " fairis sin taisteal i n-aisce agus cibé áiseanna eile a bhaineas le n-a ndualgasaibh, mar ", and the insertion, in their place, of the words " chun go ndeonfaí dhóibh, maidir le n-a ndualgasaibh, saoráid chun taisteal i n-aisce agus cibé saoráid eile a". | No corresponding amendment. |
| 6. | Article 18 | In section 3 the deletion of the words " is é an Taoiseach a ainmneochas iad le réamh-chead uatha féin", and the insertion in their place of the words " ainmneochar iad le réamh-chead uatha féin ag an Taoiseach a ceapfar ar Dháil Éireann d'aththionól i ndiaidh an lánscuir ar Dháil Éireann is siocair leis na comhaltaí sin d'ainmniú". | In section 3, the deletion of the words " nominated by the Taoiseach with their prior consent", and the insertion in their place of the words "nominated, with their prior consent, by the Taoiseach who is appointed next after the re-assembly of Dáil Eireann following the dissolution thereof which occasions the nomination of the said members ". |
| 7. | Article 18 | In paragraph iii of section 4, the deletion of the words " Toghfaidh an toghlucht a luaidhtear annso i n-ar ndiaidh", and the insertion, in their place, of the word " Toghfar ". | No corresponding amendment. |
| 8. | Article 20 | In sub-section 2° of section 2 the deletion of the words " é bhreathnú mar breathnóchaí Bille a tionnscnóchaí i nDáil Éireann", and the insertion, in their place, of the words " a mheas é bheith ina Bhille a tionnscnadh i nDáil Éireann ". | No corresponding amendment. |
| 9. | Article 24 | The deletion of section 2 and the insertion in its place of a new section as follows, that is to say :—<br><br>" 2. Bille ar bith a ndearnadh an tréimhse chun a bhreathnuighthe ag Seanad Éireann do ghiorrú fán Airteagal so, má thárluigheann,<br><br>(*a*) i gcás Bille nach Bille Airgid, go ndiúltuigheann Seanad Éireann dó no go ritheann Seanad Éireann é maille le leasuighthibh dá ndiúltuigheann Dáil Éireann nó ná déanann Seanad Éireann é rith ná diúltadh dhó, nó,<br><br>(*b*) i gcás Bille Airgid, go gcuireann Seanad Éireann ar ais go Dáil Éireann é maille le moltaibh ná glacann Dáil Éireann leo nó ná déanann Seanad Éireann é chur ar ais go Dáil Éireann,<br><br>taobh istigh den tréimhse a luaidhtear insan rún, ní foláir a mheas gur ritheadh an Bille ag dhá Thigh an Oireachtais i gcionn na tréimhse sin." | The deletion of section 2 and the insertion in its place of a new section as follows, that is to say :—<br><br>"2. Where a Bill, the time for the consideration of which by Seanad Eireann has been abridged under this Article,<br><br>(*a*) is, in the case of a Bill which is not a Money Bill, rejected by Seanad Eireann or passed by Seanad Eireann with amendments to which Dáil Eireann does not agree or neither passed nor rejected by Seanad Eireann, or<br><br>(*b*) is, in the case of a Money Bill, either returned by Seanad Eireann to Dáil Eireann with recommendations which Dáil Eireann does not accept or is not returned by Seanad Eireann to Dáil Eireann,<br><br>within the period specified in the resolution, the Bill shall be deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas at the expiration of that period." |

NA LEASUITHE.—*ar leanúint.*

| Uimh. Thag. | An tAirteagal a leasuítear | An leasú deintear ar an téacs Ghaedhilge | An leasú deintear ar an téacs Bhéarla |
|---|---|---|---|
| 5. | Airteagal 15 | Na focail " fairis sin taisteal i n-aisce agus cibé áiseanna eile a bhaineas le n-a ndualgasaibh, mar " do scriosadh as alt 15, agus na focail " chun go ndeonfaí dhóibh, maidir le n-a ndualgasaibh, saoráid chun taisteal i n-aisce agus cibé saoráid eile a " do chur ina n-ionad. | Níl aon leasú có-réire le déanamh. |
| 6. | Airteagal 18 | Na focail " is é an Taoiseach a ainmneochas iad le réamh-chead uatha féin " do scriosadh as alt 3, agus na focail " ainmneochar iad le réamh-chead uatha féin ag an Taoiseach a ceapfar ar Dháil Éireann d'ath-thionól i ndiaidh an lánscuir ar Dháil Éireann is siocair leis na comhaltaí sin d'ainmniú " do chur ina n-ionad. | Na focail " nominated by the Taoiseach with their prior consent " do scriosadh as alt 3, agus na focail " nominated, with their prior consent, by the Taoiseach who is appointed next after the re-assembly of Dáil Eireann following the dissolution thereof which occasions the nomination of the said members " do chur ina n-ionad. |
| 7. | Airteagal 18 | Na focail " Toghfaidh an toghlucht a luaidhtear annso i n-ar ndiaidh " do scriosadh as mír iii d'alt 4 agus an focal " Toghfar " do chur ina n-ionad. | Níl aon leasú có-réire le déanamh. |
| 8. | Airteagal 20 | Na focail " é bhreathnú mar breathnóchaí Bille a tionnscnóchaí i nDáil Éireann " do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 2 agus na focail " a mheas é bheith ina Bhille a tionnscnadh i nDáil Éireann " do chur ina n-ionad. | Níl aon leasú có-réire le déanamh. |
| 9. | Airteagal 24 | Alt 2 do scriosadh agus alt nua mar leanas do chur ina ionad, sé sin le rá :—<br><br>" 2. Bille ar bith a ndearnadh an tréimhse chun a bhreathnuighthe ag Seanad Éireann do ghiorrú fán Airteagal so, má thárluigheann,<br><br>(*a*) i gcás Bille nach Bille Airgid, go ndiúltuigheann Seanad Éireann dó nó go ritheann Seanad Éireann é maille le leasuighthibh dá ndiúltuigheann Dáil Éireann nó ná déanann Seanad Éireann é rith ná diúltadh dhó, nó,<br><br>(*b*) i gcás Bille Airgid, go gcuireann Seanad Éireann ar ais go Dáil Éireann é maille le moltaibh ná glacann Dáil Éireann leo nó ná déanann Seanad Éireann é chur ar ais go Dáil Éireann,<br><br>taobh istigh den tréimhse a luaidhtear insan rún, ní foláir a mheas gur ritheadh an Bille ag dhá Thigh an Oireachtais i gcionn na tréimhse sin." | Alt 2 do scriosadh agus alt nua mar leanas do chur ina ionad, sé sin le rá :—<br><br>" 2. Where a Bill, the time for the consideration of which by Seanad Eireann has been abridged under this Article,<br><br>(*a*) is, in the case of a Bill which is not a Money Bill, rejected by Seanad Eireann or passed by Seanad Eireann with amendments to which Dáil Eireann does not agree or neither passed nor rejected by Seanad Eireann, or<br><br>(*b*) is, in the case of a Money Bill, either returned by Seanad Eireann to Dáil Eireann with recommendations which Dáil Eireann does not accept or is not returned by Seanad Eireann to Dáil Eireann,<br><br>within the period specified in the resolution, the Bill shall be deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas at the expiration of that period." |

## SCHEDULE.

PARTICULARS OF AMENDMENTS.—*continued.*

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
|---|---|---|---|
| 10. | Article 25 | In sub-section 1° of section 2, the deletion of the word " cúig " and the insertion in its place of the words " an cúigmheadh ", and the deletion of the word " seacht " and the insertion in its place of the words " an seachtmhadh"; in sub-section 2° of section 2, the deletion of the word " cúig " and the insertion in its place of the words " an cúigmheadh ". | In sub-section 1° of section 2, the deletion of the word " five " and the insertion in its place of the words " the fifth ", and the deletion of the words "seven days " and the insertion in their place of the words " the seventh day " ; in sub-section 2° of section 2, the deletion of the words " five days " and the insertion in their place of the words " the fifth day ". |
| 11. | Article 25 | The deletion of section 4 and the insertion in its place of a new secton as follows, that is to say :—<br><br>"4. 1° Déanann dligheadh de gach Bille an lá a chuireann an tUachtarán a lámh leis fán mBunreacht so agus is dligheadh é an lá sin agus ón lá sin amach agus, muna léir a mhalairt d'intinn ina thaobh, is é an lá sin a thigeann sé i ngníomh.<br><br>" 2° Gach Bille a gcuireann an tUachtarán a lámh leis fán mBunreacht so ní foláir dó é fhógairt ina dhligheadh le fógra insan *Iris Oifigiúil*, fá ordú uaidh, dá rádh go bhfuil an Bille ina dhligheadh.<br><br>" 3° Isé téacs de Bhille a gcuirfidh an tUachtarán a lámh leis ná an téacs do ritheadh nó a meastar do ritheadh ag dhá Thigh an Oireachtais agus, má rithtear Bille nó má meastar é bheith rithte amhlaidh insan dá theangain oifigeamhla, cuirfidh an tUachtarán a lámh le téacs Gaedhilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an Bhille.<br><br>" 4° I gcás an tUachtarán do chur a láimhe le téacs Bhille i dteangain de na teangthacha oifigeamhla agus insan teangain sin amháin, ní foláir tionntódh oifigeamhail do chur amach insan teangain oifigeamhail eile.<br><br>" 5° Chomh luath agus is féidir é tar éis Bille do shighniú agus é fhógairt ina dhligheadh, ní foláir an téacs den dligheadh sin le n-a mbeidh lámh an Uachtaráin nó, i gcás lámh an Uachtaráin do bheith le téacs Gaedhilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an dlighidh sin, an dá théacs sighnighthe sin do chur isteach ina iris nó ina n-iris i n-oifig Iriseoir na Cúirte Uachtaraighe, agus is fiadhnaise dho-chlaoidhte ar fhoráiltibh an dlighidh sin an téacs a cuirfear isteach ina iris, nó an dá théacs a cuirfear isteach ina n-iris, amhlaidh. | The deletion of section 4 and the insertion in its place of a new section as follows, that is to say :—<br><br>"4. 1° Every Bill shall become and be law as on and from the day on which it is signed by the President under this Constitution, and shall, unless the contrary intention appears, come into operation on that day.<br><br>" 2° Every Bill signed by the President under this Constitution shall be promulgated by him as a law by the publication by his direction of a notice in the *Iris Oifigiúil* stating that the Bill has become law.<br><br>" 3° Every Bill shall be signed by the President in the text in which it was passed or deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas, and if a Bill is so passed or deemed to have been passed in both the official languages, the President shall sign the text of the Bill in each of those languages.<br><br>" 4° Where the President signs the text of a Bill in one only of the official languages, an official translation shall be issued in the other official language.<br><br>" 5° As soon as may be after the signature and promulgation of a Bill as a law, the text of such law which was signed by the President or, where the President has signed the text of such law in each of the official languages, both the signed texts shall be enrolled for record in the office of the Registrar of the Supreme Court, and the text, or both the texts, so enrolled shall be conclusive evidence of the provisions of such law. |

NA LEASUITHE.—*ar leanúint.*

| Uimh. Thag. | An tAirteagal a leasuítear | An leasú deintear ar an téacs Ghaedhilge | An leasú deintear ar an téacs Bhéarla |
|---|---|---|---|
| 10. | Airteagal 25 | An focal " cúig " do scriosadh as fo-alt 1° d'alt 2 agus na focail " an cúigmheadh " do chur ina ionad, agus fós an focal " seacht " do scriosadh as an bhfo-alt san agus na focail " an seachtmhadh " do chur ina ionad ; an focal " cúig " do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 2 agus na focail " an cúigmheadh " do chur ina ionad. | An focal " five " do scriosadh as fo-alt 1° d'alt 2 agus na focail " the fifth " do chur ina ionad, agus fós na focail " seven days " do scriosadh as an bhfo-alt san agus na focail " the seventh day " do chur ina n-ionad ; na focail " five days " do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 2 agus na focail " the fifth day " do chur ina n-ionad. |
| 11. | Airteagal 25 | Alt 4 do scriosadh agus alt nua mar leanas do chur ina ionad, sé sin le rá :—<br><br>" 4. 1° Déanann dligheadh de gach Bille an lá a chuireann an tUachtarán a lámh leis fán mBunreacht so agus is dligheadh é an lá sin agus ón lá sin amach agus, muna léir a mhalairt d'intinn ina thaobh, is é an lá sin a thigeann sé i ngníomh.<br><br>" 2° Gach Bille a gcuireann an tUachtarán a lámh leis fán mBunreacht so ní foláir dó é fhógairt ina dhligheadh le fógra insan *Iris Oifigiúil*, fá ordú uaidh, dá rádh go bhfuil an Bille ina dhligheadh.<br><br>" 3° Isé téacs de Bhille a gcuirfidh an tUachtarán a lámh leis ná an téacs do ritheadh nó a meastar do ritheadh ag dhá Thigh an Oireachtais agus, má rithtear Bille nó má meastar é bheith rithte amhlaidh insan dá theangain oifigeamhla, cuirfidh an tUachtarán a lámh le téacs Gaedhilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an Bhille.<br><br>" 4° I gcás an tUachtarán do chur a láimhe le téacs Bhille i dteangain de na teangthacha oifigeamhla agus insan teangain sin amháin, ní foláir tionntódh oifigeamhail do chur amach insan teangain oifigeamhail eile.<br><br>" 5° Chomh luath agus is féidir é tar éis Bille do shighniú agus é fhógairt ina dhligheadh, ní foláir an téacs den dligheadh sin le n-a mbeidh lámh an Uachtaráin nó, i gcás lámh an Uachtaráin do bheith le téacs Gaedhilge agus le téacs Sacs-Bhéarla an dlighidh sin, an dá théacs sighnighthe sin do chur isteach ina iris nó ina n-iris i n-oifig Iriseoir na Cúirte Uachtaraighe, agus is fiadhnaise dho-chlaoidhte ar fhoráiltibh an dlighidh sin an téacs a cuirfear isteach ina iris, nó an dá théacs a cuirfear isteach ina n-iris, amhlaidh. | Alt 4 do scriosadh agus alt nua mar leanas do chur ina ionad, sé sin le rá :—<br><br>" 4. 1° Every Bill shall become and be law as on and from the day on which it is signed by the President under this Constitution, and shall, unless the contrary intention appears, come into operation on that day.<br><br>" 2° Every Bill signed by the President under this Constitution shall be promulgated by him as a law by the publication by his direction of a notice in the *Iris Oifigiúil* stating that the Bill has become law.<br><br>" 3° Every Bill shall be signed by the President in the text in which it was passed or deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas, and if a Bill is so passed or deemed to have been passed in both the official languages, the President shall sign the text of the Bill in each of those languages.<br><br>" 4° Where the President signs the text of a Bill in one only of the official languages, an official translation shall be issued in the other official language.<br><br>" 5° As soon as may be after the signature and promulgation of a Bill as a law, the text of such law which was signed by the President or, where the President has signed the text of such law in each of the official languages, both the signed texts shall be enrolled for record in the office of the Registrar of the Supreme Court, and the text, or both the texts, so enrolled shall be conclusive evidence of the provisions of such law. |

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
|---|---|---|---|
| | | "6° I gcás téacs Gaedhilge agus téacs Sacs-Bhéarla de dhligheadh do chur isteach ina n-iris fán alt so agus gan an dá théacs sin do bheith do réir a chéile, is ag an téacs Gaedhilge a bheidh an forlámhas." | "6° In case of conflict between the texts of a law enrolled under this section in both the official languages, the text in the national language shall prevail." |
| 12. | Article 25 | The addition of a new section (at the end of the Article) as follows, that is to say:—<br><br>"5. 1° Is dleaghthach don Taoiseach a thabhairt, ó am go ham fá mar a chífear dó gábhadh do bheith leis, go ndéanfar téacs (insan Ghaedhilg agus insan Sacs-Bhéarla) den Bhunreacht so, mar a bheidh i bhfeidhm an tráth sin ag féachaint do na leasuighthibh uile bheidh déanta air go dtí sin, d'ullmhú fá n-a threorú.<br><br>"2° Gach téacs a hullmhóchar amhlaidh ní foláir don Uachtarán a lámh do chur le cóib de, agus ní foláir don Taoiseach agus don Phrímh-Bhreitheamh a lámh do chur leis an gcóib sin freisin agus, ar bheith sighnighthe amhlaidh don chóib sin, ní foláir í chur isteach ina hiris i n-oifig Iriseoir na Cúirte Uachtaraighe.<br><br>"3° An chóib a bheidh sighnighthe agus curtha isteach ina hiris amhlaidh agus gurb í an téacs is deireannaighe, ar n-a ullmhú amhlaidh, i n-alt na huaire í, is fiadhnaise dho-chlaoidhte ar an mBunreacht so í ar bheith curtha isteach ina hiris di amhlaidh agus, chuige sin, gabhfa sí ionad na dtéacsanna uile den Bhunreacht so a mbeidh cóibeanna dhíobh curtha isteach ina n-iris amhlaidh roimhe sin.<br><br>"4° I gcás gan na téacsanna d'aon chóib áirithe den Bhunreacht so a bheidh curtha isteach ina hiris fán alt so do bheith do réir a chéile, is ag an téacs Gaedhilge a bheidh an forlámhas." | The addition of a new section (at the end of the Article) as follows, that is to say:—<br><br>"5. 1° It shall be lawful for the Taoiseach, from time to time as occasion appears to him to require, to cause to be prepared under his supervision a text (in both the official languages) of this Constitution as then in force having regard to all amendments theretofore made therein.<br><br>"2° A copy of every text so prepared shall be signed by the President and countersigned by the Taoiseach and the Chief Justice and, when so signed and countersigned, shall be enrolled for record in the office of the Registrar of the Supreme Court.<br><br>"3° The copy so signed, countersigned, and enrolled which is for the time being the latest text so prepared shall, upon such enrolment, be conclusive evidence of this Constitution and shall for that purpose supersede all texts of this Constitution of which copies were previously so enrolled.<br><br>"4° In case of conflict between the texts of any copy of this Constitution enrolled under this section, the text in the national language shall prevail." |
| 13. | Article 26 | In sub-section 2° of section 1, the deletion of the word "cheithre" and the insertion in its place of the words "an seachtmhadh". | In sub-section 2° of section 1, the deletion of the words "four days" and the insertion in their place of the words "the seventh day". |

| Uimh. Thag. | An tAirteagal a leasuítear | An leasú deintear ar an téacs Ghaedhilge | An leasú deintear ar an téacs Bhéarla |
|---|---|---|---|
| | | " 6° I gcás téacs Gaedhilge agus téacs Sacs-Bhéarla de dhligheadh do chur isteach ina n-iris fán alt so agus gan an dá théacs sin do bheith do réir a chéile, is ag an téacs Gaedhilge a bheidh an forlámhas." | " 6° In case of conflict between the texts of a law enrolled under this section in both the official languages, the text in the national language shall prevail." |
| 12. | Airteagal 25 | Alt nua mar leanas do chur i ndeireadh an Airteagail, sé sin le rá :—<br><br>" 5. 1° Is dleaghthach don Taoiseach a thabhairt, ó am go ham fá mar a chífear dó gábhadh do bheith leis, go ndéanfar téacs (insan Ghaedhilg agus insan Sacs-Bhéarla) den Bhunreacht so, mar a bheidh i bhfeidhm an tráth sin ag féachaint do na leasuighthibh uile bheidh déanta air go dtí sin, d'ullmhú fá n-a threorú.<br><br>" 2° Gach téacs a hullmhóchar amhlaidh ní foláir don Uachtarán a lámh do chur le cóib de, agus ní foláir don Taoiseach agus don Phrímh-Bhreitheamh a lámh do chur leis an gcóib sin freisin agus, ar bheith sighnighthe amhlaidh don chóib sin, ní foláir í chur isteach ina hiris i n-oifig Iriseoir na Cúirte Uachtaraighe.<br><br>" 3° An chóib a bheidh sighnighthe agus curtha isteach ina hiris amhlaidh agus gurb í an téacs is deireannaighe, ar n-a ullmhú amhlaidh, i n-alt na huaire í, is fiadhnaise dho-chlaoidhte ar an mBunreacht so í ar bheith curtha isteach ina hiris di amhlaidh agus, chuige sin, gabhfa sí ionad na dtéacsanna uile den Bhunreacht so a mbeidh cóibeanna dhíobh curtha isteach ina n-iris amhlaidh roimhe sin.<br><br>" 4° I gcás gan na téacsanna d'aon chóib áirithe den Bhunreacht so a bheidh curtha isteach ina hiris fán alt so do bheith do réir a chéile, is ag an téacs Gaedhilge a bheidh an forlámhas." | Alt nua mar leanas do chur i ndeireadh an Airteagail, sé sin le rá :—<br><br>" 5. 1° It shall be lawful for the Taoiseach, from time to time as occasion appears to him to require, to cause to be prepared under his supervision a text (in both the official languages) of this Constitution as then in force having regard to all amendments theretofore made therein.<br><br>" 2° A copy of every text so prepared shall be signed by the President and countersigned by the Taoiseach and the Chief Justice and, when so signed and countersigned, shall be enrolled for record in the office of the Registrar of the Supreme Court.<br><br>" 3° The copy so signed, countersigned and enrolled which is for the time being the latest text so prepared shall, upon such enrolment, be conclusive evidence of this Constitution and shall for that purpose supersede all texts of this Constitution of which copies were previously so enrolled.<br><br>" 4° In case of conflict between the texts of any copy of this Constitution enrolled under this section, the text in the national language shall prevail." |
| 13. | Airteagal 26 | An focal " cheithre " do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 1, agus na focail " an seachtmhadh " do chur ina ionad. | Na focail " four days " do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 1, agus na focail " the seventh day " do chur ina n-ionad. |

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
| --- | --- | --- | --- |
| 14. | Article 26 | In sub-section 2° of section 1, the deletion of the words " a rithtear an Bille nó a meastar a ritheadh é ag dhá Thigh an Oireachtais " and the insertion in their place of the words " a thairgeann an Taoiseach an Bille don Uachtarán chun a lámh do chur leis". | In sub-section 2° of section 1, the deletion of the words " passed or deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas " and the insertion in their place of the words " presented by the Taoiseach to the President for his signature ". |
| 15. | Article 26 | The addition at the end of sub-section 2° of section 2 of the words " agus isé chraolfas an bhreith sin ná an duine sin de na breitheamhnaibh sin a cheapfaidh an Chúirt chuige sin, agus ní cead tuairim ar bith eile, ag aontú nó ag easaontú leis an mbreith sin, do chraoladh ná ní cead a nochtadh tuairim ar bith eile den tsórt sin do bheith ann ". | The addition at the end of sub-section 2° of section 2 of the words " and shall be pronounced by such one of those judges as the Court shall direct, and no other opinion, whether assenting or dissenting, shall be pronounced nor shall the existence of any such other opinion be disclosed ". |
| 16. | Article 26 | In section 3, the insertion, immediately before sub-section 2° thereof, of a new sub-section as follows, that is to say :—<br><br>" 2° I gcás athchuinghe do bheith curtha chun an Uachtaráin fá Airteagal 27 den Bhunreacht so i dtaobh Bille le n-a mbaineann an tAirteagal sin, ní foláir an tAirteagal sin do chóimhlíonadh."<br><br>And the alteration of the number of sub-section 2° of section 3 from " 2° " to " 3° ". | In section 3, the insertion, immediately before sub-section 2° thereof, of a new sub-section as follows, that is to say :—<br><br>" 2° If, in the case of a Bill to which Article 27 of this Constitution applies, a petition has been addressed to the President under that Article, that Article shall be complied with."<br><br>And the alteration of the number of sub-section 2° of section 3 from " 2° " to " 3° ". |
| 17. | Article 27 | The insertion, immediately before section 2, of a new section as follows, that is to say :—<br><br>" 2. Ní foláir gach athchuinghe den tsórt sin do bheith i scríbhinn agus í bheith fá láimh an lucht athchuinghe agus ní foláir a sighnighthe sin do bheith fíoruighthe ar an modh a horduighthear le dligheadh."<br><br>And in section 2, the deletion of the words " gach athchuinghe den tsórt sin do bheith i scríbhinn fá láimh an lucht athchuinghe, agus léarthuairisc do bheith innti" and the insertion in their place of the words " léarthuairisc do bheith i ngach athchuinghe den tsórt sin".<br><br>And the alteration of the numbers of sections 2, 3, 4 and 5 respectively from those numbers to " 3," " 4," " 5 " and " 6 " respectively. | The insertion, immediately before section 2, of a new section as follows, that is to say :—<br><br>" 2. Every such petition shall be in writing and shall be signed by the petitioners whose signatures shall be verified in the manner prescribed by law."<br><br>And in section 2, the deletion of the words "shall be in writing signed by the petitioners,".<br><br>And the alteration of the numbers of sections 2, 3, 4 and 5 respectively from those numbers to " 3," " 4," " 5 " and " 6 ", respectively. |

SCEIDEAL.

NA LEASUITHE.—*ar leanúint.*

| Uimh. Thag. | An tAirteagal a leasuítear | An leasú deintear ar an téacs Ghaedhilge | An leasú deintear ar an téacs Bhéarla |
|---|---|---|---|
| **14.** | Airteagal 26 | Na focail "a rithtear an Bille nó a meastar a ritheadh é ag dhá Thigh an Oireachtais" do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 1 agus na focail "a thairgeann an Taoiseach an Bille don Uachtarán chun a lámh do chur leis" do chur ina n-ionad. | Na focail "passed or deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas" do scriosadh as fo-alt 2° d'alt 1 agus na focail "presented by the Taoiseach to the President for his signature" do chur ina n-ionad. |
| **15.** | Airteagal 26 | Na focail "agus isé chraolfas an bhreith sin ná an duine sin de na breitheamhnaibh sin a cheapfaidh an Chúirt chuige sin, agus ní cead tuairim ar bith eile, ag aontú nó ag easaontú leis an mbreith sin, do chraoladh ná ní cead a nochtadh tuairim ar bith eile den tsórt sin do bheith ann" do chur i ndeireadh fo-ailt 2° d'alt 2. | Na focail "and shall be pronounced by such one of those judges as the Court shall direct, and no other opinion, whether assenting or dissenting, shall be pronounced nor shall the existence of any such other opinion be disclosed" do chur in ndeireadh fo-ailt 2° d'alt 2. |
| **16.** | Airteagal 26 | Fo-alt nua mar leanas do chur in alt 3 díreach roimh fho-alt 2° dhe, sé sin le rá :—<br><br>"2° I gcás athchuinghe do bheith curtha chun an Uachtaráin fá Airteagal 27 den Bhunreacht so i dtaobh Bille le n-a mbaineann an tAirteagal sin, ní foláir an tAirteagal sin do chóimhlíonadh."<br><br>Agus uimhir fho-ailt 2° d'alt 3 d'atharú o "2°" go "3°". | Fo-alt nua mar leanas do chur in alt 3 díreach roimh fho-alt 2° dhe, sé sin le rá :—<br><br>"2° If, in the case of a Bill to which Article 27 of this Constitution applies, a petition has been addressed to the President under that Article, that Article shall be complied with."<br><br>Agus uimhir fho-ailt 2° d'alt 3 d'atharú o "2°" go "3°". |
| **17.** | Airteagal 27 | Alt nua mar leanas do chur isteach díreach roimh alt 2, sé sin le rá :—<br><br>"2. Ní foláir gach athchuinghe den tsórt sin do bheith i scríbhinn agus í bheith fá láimh an lucht athchuinghe agus ní foláir a sighnighthe sin do bheith fíoruighthe ar an modh a horduighthear le dligheadh."<br><br>Agus na focail "gach athchuinghe den tsórt sin do bheith i scríbhinn fá láimh an lucht athchuinghe, agus léarthuairisc do bheith innti" do scriosadh as alt 2 agus na focail "léarthuairisc do bheith i ngach athchuinghe den tsórt sin" do chur ina n-ionad.<br><br>Agus uimhreacha alt 2, 3, 4 agus 5 fé seach d'atharú o sna huimhreacha san go "3," "4," "5" agus "6" fé seach. | Alt nua mar leanas do chur isteach díreach roimh alt 2, sé sin le rá :—<br><br>"2. Every such petition shall be in writing and shall be signed by the petitioners whose signatures shall be verified in the manner prescribed by law."<br><br>Agus na focail "shall be in writing signed by the petitioners," do scriosadh as alt 2.<br><br>Agus uimhreacha alt 2, 3, 4 agus 5 fé seach d'atharú o sna huimhreacha san go "3," "4," "5" agus "6" fé seach. |

## SCHEDULE.

Particulars of Amendments.—*continued.*

| Ref. No. | Article amended | Nature of amendment of the Irish text | Nature of amendment of the English text |
|---|---|---|---|
